Comhaltacht Iardhochtúireachta i Met Éireann

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Met Éireann) ag lorg léirithe spéise chun obair i gcomhaltacht taighde, a bhfuiltear chun tús a chur leis a luaithe is féidir. Ag seo thíos, cur síos ar an bpost:

Taighdeoir ar innéacsanna & táirgí um an monatóireacht ar an aeráid

(Conradh ar théarma seasta) Beidh tionchar suntasach ag an athrú aeráid in Éirinn ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol nádúrtha. Tá breathnuithe aimsire ar ardchaighdeán ríthábhachtach don tuiscint atá againn ar an aeráid agus tá siad riachtanach chun tacú leis an oiriúnú don athrú aeráide ionas go mbeifear in ann stádas tíre athléimní ó thaobh na haeráide de a bhaint amach d'Éirinn. Soláthraíonn an anailís ar shonraí aeráide san am atá imithe siar faisnéis luachmhar chun an lucht cinnteoireachta a chumasú le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar an aeráid, agus ar conas is dóchúil go bhfuil sé chun athrú amach anseo. Déanfaidh an té a cheapfar taighde ar inathraitheacht na haeráide in Éirinn, agus beidh sé dírithe ar bhonn ar leith ar shraith táirgí monatóireachta aeráide agus táscairí athraithe aeráide a fhorbairt de réir chaighdeáin na hEagraíochta Meitéareolaíochta Domhanda. De réir thorthaí an taighde seo, cuirfear sraith táirgí ar fáil a chuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne a bheidh de thacú do chinnteoirí in Éirinn a oibríonn in earnálacha a bhfuil tionchar ag an aeráid orthu.

An Roinn/an tÚdarás Is Fostóir
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Met Éireann).

Earcaíocht
Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Met Éireann) chun dul i mbun próiseas earcaíochta chun an post seo a líonadh faoin gCeadúnas Earcaíochta a d'eisigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus de réir Chód Cleachtais an CCSP.

Suíomh Gréasáin na Roinne/an Údaráis Is Fostóir
www.met.ie

Láithreán
Ceanncheathrú Met Éireann, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Iarratais
Is é an dáta deireanach d'iarratais an 30/07/2020 ag 2i.n.

Eolas Breise
Chun tuilleadh eolais agus sonraí a fháil faoin bpost seo agus faoi conas iarratas a dhéanamh, féach www.met.ie/about-us/vacancies.

Ba chóir d'iarratasóirí foirmeacha iarratais, agus iad comhlánaithe, a chur isteach chuig recruitment@met.ie.

Tabhair do d'aire: ní ghlacfar ach amháin le hiarratais a chuirtear isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
Cliceáil anseo chun an fhoirm iarratais a íoslódáil

Dáta Fógartha
02/07/2020

Dáta Deiridh d'Iarratais
30/07/2020 ag 2i.n.